

## **Adhmhaidin – 04/04/2017 – Agallamh faoin dTráchtairacht ar Chóras na Scéimeanna Teanga**

### **Gormfhlaith:**

Tá sé dhá nóiméad is fiche anois chun a naoi a' chloig.

Tá teipithe ar chóras na Scéimeanna Teanga a gcuspóir a bhaint amach, 'sé sin seirbhísí trí Ghaeilge a mhéadú agus ní bhainfear amach an cuspóir sin gan córas nua a bhunú.

Is dóigh gurb 'in í an príomh-theachtairacht atá ag an gCoimisinéir Rónán Ó Domhnaill i dtaighde nua atá foilsithe ag a Oifig a 'speánann cé chomh dona agus atá an córas a bunaíodh le seirbhísí Gaeilge a mhéadú agus a neartú goite i léig. Lena chois sin, deir an Coimisinéir go bhfuil an córas earcaíochta sa státchóras maidir le Gaeilge neamh-eagraithe agus míshásúil agus tá an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, liom sa stiúideo.

Do chéad fáilte isteach, a Rónáin.

### **Rónán:**

Go raibh maith a't, a Ghormlaith.

### **Gormfhlaith:**

Is píosa toirtiúil atá inti seo. Tá an t-úafás ann. Thógfadh sé an-fhada dhul thríd an rud uilig. Mar sin, i do thuairim féin, is dóigh, céard iad na rudaí is tábhachtaí atá ann?

### **Rónán:**

Tá, bhuel, cá dtosóidh mé is dóigh.

### **Gormfhlaith:**

Sin an fáth go bhfuil mé dhá bhfágáil fútsa

### **Rónán:**

Tá go leor ann. Shocraigh muid tabhairt faoin taighde seo ar roinnt chúiseanna. Ó thosaigh mé sa bpost seo trí bliana ó shin bhí mé ag caint le Coistí Oireachtais agus mo chuid Tuarascálacha Bhliantúla faoi chóras na scéimeanna teanga agus faoi na gealltanais a bhí ann nó na heaspa gealltanais go minic. Agus nuair a bhí mé ar Choiste Oireachtais mí Dheireadh Fómhair anuraidh bhí mé ag plé na ceiste arís agus shocraigh mé théis an Choiste sin go mba bhfhiú dúinn féachaint go sonrath agus go heolaíochtúil ar bhealach agus thíocht ar fhírící atá cruinn faoi chóras na scéimeanna teanga. 'Nois bhí's a'm nuair a thug muid faoin taighde seo go mbeadh na torthaí go dona ach níor thuig mé i ndairíre go bhféadfaidís a bheith chomh dona agus atá. Agus an rud a rinne muid, ná gur scrúdaigh muid chuile scéim teanga a dhaingnigh Roinn na Gaeltachta le dhá bhliain anuas, dhá scór ina iomláine. Agus tá cur síos déanta a'inn ar an dul chun cinn atá déanta, agus ar an bhfaillí atá déanta agus ar an creimeadh atá á dhéanamh agus an rud is mó atá tagthaí chun cinn ná i bhformhór na gcásanna go bhfuil cúlú á dhéanamh ar ghealltanais atá tugtha seachas a bheith ag méadú na ngealltanais. Agus an fheidhm a bhí le córas na scéimeanna teanga agus le Acht na dTeangacha nuair a tugadh isteach ar dtús é ná go mbeadh na scéimeanna teanga ag tógáil ar chearta teanga de réir a chéile, go

mbeadh roinnt gealltanais sa chéad scéim teanga, go dtógfaí orthu sin sa dara scéim teanga, is sa tríú scéim teanga...

**Gormfhlaith:**

Ach shílfeá ag breathnú air seo gurb é an rud atá ann...

**Rónán:**

A mhalairt...

**Gormfhlaith:**

...mara bhfuil gealltanais dhá chomhlíonadh, má théann Oifig s'agaibhse ag an gcomhlacht faoin ngealltanais sin, go mbé an chaoi nach gcuirfear ar chor ar bith é sa scéim teanga dar gcionn...

**Rónán:**

...Sea, agus dá mbeinn ag roghnú rud amháin as na príomh-thorthaí atá ann, sin an ceann is mó a ghoileann ormsa mar Choimisinéir Teanga. I ndá-thrian de na cásannaí go ndearna muide imscrúdú agus fionnachtain ina dhiaidh sin agus moltaí, i ndá-thrian de na cásannaí sin, nuair a daingníodh scéim ina dhiaidh sin arís, baineadh amach an gealltanais a bhí mar ábhar ag an imscrúdú agus is rud thar a bheith tromchúiseach agus thar a bheith dáiríre atá ansin. Agus bhí samplaí againn ansin do Chomhairle Contae na Gaillimhe. Rinneadh imscrúdú ansin i 2009, faoin maor pobail nach raibh ar a gcompord a bheith i mbun cumarsáide i nGaeilge le muintir na Gaeltachta. Céard a tharla sa gcéad scéim teanga eile a daingníodh le Comhairle Contae na Gaillimhe? Baineadh amach an gealltanais sonracha sin a bhí ann go mbeadh Gaeilge ar a dtoil ag fostaithe de chuid na Comhairle a bheadh lonnaithe sa Ghaeltacht.

Tá ceann níos tromchúisí fós fiú amháin ar bhealach maidir le Comhairle Contae na hIarmhí, is an chúis go bhfuil sé sin níos tromchúisí ná sa chéad scéim teanga a bhí acu sin bhí gealltanais faoin suíomh gréasáin a bheith dátheangach. Rinneadh imscrúdú air sin. Níor cuireadh na moltaí nó fionnachtana na moltaí i bhfeidhm maidir le suíomh a bheith dátheangach. Dá bharr sin, cuireadh an Tuarascáil sin faoi Thithe an Oireachtais, gníomh atá thar a bheith dáiríre, is céard a tharla? Nuair a daingníodh an chéad scéim eile le Comhairle Contae na hIarmhí, baineadh amach an gealltanais sin. Agus tá sé sin ag dul glan in aghaidh an fheidhm a bhí leis an Acht agus tá sé a' dhul glan in aghaidh an obair atá ar siúl a' msa agus m'Oifig ó thaobh an tAcht...monatóireacht a dhéanamh ar an Acht fhéin.

**Gormfhlaith:**

Agus, a Rónán, ní sheo'd é do chéad uair atá tusa ag teacht isteach sa stiúideo seo agus tú ag rá go bhfuil an córas seo lag...nach bhfuil go deimhin comhlachtaí poiblí ag tabhairt aird ar na gealltanais atá siad a' dhéanamh, go bhfuiltear ag dhul siar orthu...

**Rónán:**

...ach seo'd é an chéad uair, a Ghormfhlaith, go bhfuil anailís eolaíochtúil bunaithe ar fhíricí le feiceáil go sonracha faoi cén chaoi 'bhfuil an córas ag oibriú.

**Gormfhlaith:**

Agus tá pictiúr an-an-soiléir, agus níl mé á rá seo le haon droch-mheas ort féin, ná ar aon duine san Oifig, go deimhin, ach chaithfí a rá, céard is fiú ann sibh mara bhfuil aon duine ag tabhairt aon aird oraibh?

**Rónán:**

Bhuel, an rud ‘tá ag tarlú ná go bhfuil aird á thabhairt orainn. Ach ‘séard atá a’ tarlú nuair nach gcuirtear na gealltanais i bhfeidhm. Nuair a bhíonn’s deis ag comhlacht poiblí an chéad scéim eile a dhaingniú le Roinn na Gaeltachta gurb ‘éard atá a’ tarlú go bhfuil an gealltanais sin ag imeacht ón chéad scéim eile, agus sin atá tarlú i ndá-thrian de na cásanna. Fiú, fiú nuair nach ndéanann muid imscrúdú, go minic sílimse de thoradh faireachán a bhíonn’s ar siúl a’inn go mbíonn cúlú ar na gealltanais agus rud atá thar a bheith suntasach, in os cionn leath den dara agus den tríú scéim a dhaingníodh le dhá bliain anuas go raibh cúlú déanta ar ghealltanais a bhí ann, mar shampla, le Comhairle Contae Bhleá Cliath Theas ó thaobh foirmeachaí eolais agus bileogaí eolais a bheith dátheangach. Bhí sin sa gcéad scéim teanga. Baineadh amach é sa scéim teanga ina dhiaidh sin. Ó thaobh na Gaeltachta dhe, an Roinn Coimirce Sóisialaí, dúradh i scéim teanga amháin go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre san Gaeltacht faoin mbliain 2020. Céard atá tarlaithe sa gcéad scéim eile ná go ndeirtear go dtarlóidh sé sin le linn saolré roinnt scéimeanna. Agus tá sé dodhéanta dhomsa, mar Choimisinéir, tá tú ceapaithe a bheith ag déanamh monatóireacht ar leithéidí sin. Céard a chaillaíonn’s ‘saolré roinnt scéimeanna’? Má thagann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar ais a’ m, bhuel ní a’amsa, sa mbliain 2040 nó 2050, an mbeidh siad ag rá bhuel tá muid fós ag fanacht le saolré roinnt scéimeanna. Is...is...sin an fhadhb leis na scéimeanna, go bhfuil an fhoclaíocht atá in úsáid, go bhfuil sé cosantach, go bhfuil siad ag rá ‘má bhíonn acmhainní ar fáil’ go rialta agus go bhfuil sé an-deacair nó dodhéanta in amannaí monatóireacht cuí a dhéanamh.

**Gormfhlaith:**

Agus thuigfeá ar bhealach do chomhlachtaí poiblí nó d’eagraíochtaí Stáit, má tá siad ag iarraidh a gcuid dualgaisí a theorannú mar gheall...mar beidh trioblóid agus obair agus b’fhéidir acmhainní agus b’fhéidir airgead ag baint le n-iad seo a chur i bhfeidhm. Ach ar ndóigh, aontítear scéimeanna, agus aontítear scéimeanna le Roinn na Gaeltachta, agus tá sibh, dúirt tusa, agus níl ‘fhios a’ m cén áit go díreach ina bhfuil sé anois, ach cuimhneach liom gur dhúirt tú gur aontaíodh dhá scéim, ab ea, agus gur aontaigh Roinn na Gaeltachta iad, nár sonraíodh aon phost le Gaeilge mar chuide don scéim, agus tá sé ráite chomh maith a’ t, má...fan soicind anois go dtí go bhfaighidh mé é...níl sé faoi mo lámha...ach gur faoi Roinn na Gaeltachta atá sé...

**Rónán:**

...sea

**Gormfhlaith:**

...aon....aon phíonóis a chur ar na comhlachtaí seo

**Rónán:**

...sea

### **Gormfhlaith:**

...agus gur shocraigh an Roinn go dtí seo, nach raibh aon chás sách tromchúiseach le n-é sin a dhéanamh, mar sin an féidir linne a rá go bhfuil Roinn na Gaeltachta ag loic ar a gcuid dualgaisí mar gheall nach bhfuil siadsan ag aontú scéimeanna atá sách láidir agus sa gcás agus go...ní a'tsa atá an bata, is ag Roinn na Gaeltachta atá bata, is ag an Aire atá an bata, nach bhfuil siadsan á úsáid?

### **Rónán:**

An chumhacht atá ag Aire na Gaeltachta faoin Acht ná tuairisciú a dhéanamh go Thithe an Oireachtais má tá teipithe le scéim teanga a dhaingíú le comhlacht poiblí agus ó tháinig an scéim i bhfeidhm níor úsáid aon Aire Gaeltachta an chumhacht sin. An rud atá mise a' rá ná gur léir dhomsa agus go mba cheart go mba léir d'éinne a léanns an tuairisc seo agus a bhreathnaíonn's ar na thorthaí nach bhfuil an córas ag feidhmiú agus go gcaithfidh muid imeacht ón gcóras anois, go bhfuil sé do-shábháilte ar bhealach. Ní fheictear dhomsa aon bhealach gur féidir thócht i gcabhair ar an gcóras ná...sa chaoi ina bhfuil sé. Agus go gcaithfidh muid breathnú ar imeacht ó chóras na scéimeanna teanga agus córas eile a leagan síos a bheadh bunaithe ar chaighdeán, mar shampla, a bheadh bunaithe ar rangnú agus go mbeadh na...sé leagtha síos go soiléir sa reachtaíocht seachas a bheith ag braith ar scéimeanna teanga a bheith á dhaingniú ina aonair, ina gceann is ina gceann, 's ag cur brú ar maoirlathais is mar sin de, go ndaingneofaí go soiléir sa reachtaíocht fhéin rialacháin áirthid maidir le foirmeacha iarratais, maidir le seirbhísí trí Ghaeilge sna cuntair sa tseirbhís phoiblí is mar sin de, agus go mbeadh sé sin bunaithe ar na comhlachtaí poiblí is mó go bhfuil teagmháil acu leis an bpobal agus go ndéanfaidh sé sin i bhfad níos mó céille, agus bheadh sé i bhfad níos soiléire don phobal céard iad na cearta ina bhfuil siad ina dteideal agus go mbeadh sé i bhfad níos éasca do chomhlachtaí poiblí freisin na seirbhísí...

### **Gormfhlaith:**

A Rónáin, an méid sin atá ráite a't ansin, tá sé ráite cheana féin a't. Dúirt tú é, cuimhneach liom, sula raibh an tOlltoghchán deiridh ann agus tú ag rá go mb'fhéidir anois go bhfeicfí...go bhfeicfí leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Níl sé sin tarlaithe, mar sin tá muid ag feiceáil Rialtas nach bhfuil sásta leasú a dhéanamh ar an Acht sin, tá muid ag feiceáil Roinn na Gaeltachta nach bhfuil sásta, nó Aire Gaeltachta nach bhfuil sásta úsáid a bhaint as an cumhacht atá acu, teip ar thuairisciú na scéim teanga, thuairisciú chuig Thithe an Oireachtais, mar sin tá muid ag feiceáil, bhfuil muid ag feiceáil teip iomlán tola poilaitiúil i do thaobh-se?

### **Rónán:**

Bhuel, tá's a'inn ó thaobh tuairisciú chuig Thithe an Oireachtais, níl 'fhios a'inn cén tionchar a bheadh aige sin, an mbeadh droch-thionchar nó dea-thionchar. An freagra air sin ná níl 'fhios a'inn cén tionchar mar níor tharla sé riamh. Ach an rud 'atá mé a' rá ná nach bhfuil an córas ag feidhmiú agus ó thaobh...ó thaobh leasú a dhéanamh ar Acht na Gaeltachta, ar Acht na dTeangacha, rud amháin atá cinnte ná nár foilsíodh Bille bunaithe ar na ceannteidil a bhí ann, agus 'séard a rinne na ceannteidil sin ná gur dhaingnigh siad córas na scéimeanna teanga. 'Séard a bhí sna ceannteidil sin ná go raibh saolré na scéimeanna ag imeacht ó thrí bliana go seacht mbliana, rud nach ndearna aon chiall, bheadh seacht mbliana do chúlú ann seachas trí

bliana agus ní dhearna sé sin aon chiall a bheag ná a mhór, so, is maith an rud é nár foilsíodh Bille bunaithe ar na ceannteidil sin ach an rud atá uainn anois ná go dtógfaí air sin...

**Gormfhlaith:**

Sea...mar gheall ní raibh...ní raibh rud eicínt a'inn a bhí go dona agus anois níl rud eicínt a'inn a d'fhéadfadh a bheith níos fearr.

**Rónán:**

Tá tú go hiomlán cruinn, agus caithfear anois, bunaithe, tá sraith moltaí leagthaí síos a'm, bunaithe ar chúrsaí earcaíochta, agus bunaithe ar rangnú agus caighdeánú, bunú ar anailís chruinn agus tá anailís chruinn le feiceáil anseo, go gcaithfidh muid anois breathnú ar chóras a chinnteos go mbeidh muid ag tógáil ar chearta teanga seachas a bheith ag baint úsáid as córas na scéimeanna teanga ar nós leath don am ag baint chearta uaidh daoine seachas a bheith ag cur leo.

**Gormfhlaith:**

'Rónán, d'imigh an Coimisinéir Teanga a bhí ann romhat mar gheall gur éirigh seisean, go raibh frustrachas air agus gur éirigh sé bréan don chur i gcéill agus don muga magadh mar a dúirt sé féin. An mbeadh fonn ort fhéin an rud céanna a dhéanamh ag an tráth seo?

**Rónán:**

Bhuel, chuir tú ceist orm nuair a tháinig mé isteach an raibh mé i bhfad sa bpost seo. Tá mé leath-bhealach thríd mo théarma an tseachtain, an mhí seo caite, lár mí Márta, agus an rud 'tá i gceist a'msa a dhéanamh le linn mo thréimhse ná aird a dhíriú ar an bhfaillí atá leis an gcóras agus bheinn faillíoch gan é seo a dhéanamh, agus an rud atá déanta a'm inniu ná, don chéad uair, i ndáiríre, go bhfuil fianaise eolaíochtúil bunaithe go hiomlán ar fhíricí a'inn faoin gcóras seo, agus an rud atá i gceist a'm a dhéanamh, ná sin a chur ina luí, beidh mé ag Coiste Oireachtais tráthnóna, ná na torthaí seo a chur faoina mbráid, tá siadsan ag caint faoi Bille nua a dhréachtú iad féin, agus faoi...faoi cur le cearta teanga ar an gcaoi sin agus rud beag tá mise ag iarraidh go mbeidh ionchur agamsa san obair sin agus sin an rud 'tá i gceist a'm a dhéanamh tráthnóna.

**Gormfhlaith:**

Tá go maith. Go raibh míle maith a't faoi thíocht isteach, an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill